Níl dabht ar bith ach go bhfuil deis foráis an-mhór ann d'Éirinn san earnáil turasóireachta gnó. Cé nach bhfuil Ionad Comhdhála Náisiúnta tiomnaithe in Éirinn, fós féin éiríonn linn comhdhálacha idirnáisiúnta a mhealladh. Cuireadh go mór leis an earnáil turasóireachta gnó i mbliana nuair a shocraigh an Rialtas an Conradh don Ionad Comhdhála Náisiúnta nua a thógáil agus a fheidhmiú do Chuideachta Forbartha Dhuga Spencer. Beidh an tIonad nua atá le hoscailt i Meán Fómhair 2010 ar ceann de na hionaid is fearr san Eoraip agus cruthóidh sé deiseanna brabúsacha i bhforbairt turasóireachta gnó.

Is féidir cuid shuntasach den fhorás lena bhfuiltear ag súil i dturasóireacht ghnó a lua leis na cinntí a rinneadh le gairid maidir leis an Ionad Comhdhála Náisiúnta agus le in-asbhainteacht CBL ar chostais



chóiríochta. Tá aird á díriú níos mó agus níos mó i mBaile Átha Cliath ar a chinntiú go mbeidh dóthain acmhainneachta cóiríochta ann chun tacú le turasóirí gnó i dtimpeallacht ina mbeidh cuid mhór den fhorbairt óstáin nua atá beartaithe lonnaithe lasmuigh de lár na cathrach.

Tá roinnt dul chun cinn déanta ar shaoráid chomhdhála mhór i gCathair Chorcaí, agus is cosúil go bhfuil deis d'fhorás suntasach ann. Tá Fáilte Ireland ag réachtáil staidéar féidearthachta ar na fiúntais a bhainfeadh le forbairt a bheadh cosúil leis i réigiún na Sionnaine, mar fheagra ar an tiomantas i gClár an Rialtais.

'Turasóireacht Agus An Comhshaol – Seasamh Reatha, Treochtaí Amach Anseo', an téama a bhí ag comhdháil bhliantúil Fáilte Ireland i 2007. Dírithe ar an gcomhshaol, leag na cainteoirí as Éirinn agus cainteoirí idirnáisiúnta béim ar na dúshláin agus na deiseanna atá amach roimh thionscal turasóireachta na hÉireann. Tá Fáilte Ireland an-dáiríre faoin a fhreagracht i ndáil le comhshaol fisiciúil ardcháilíochta a mholadh agus deachleachtas comhshaoil a chur chun cinn ar fud na hearnála turasóireachta. Beimid ag tabhairt go leor airde ar an réimse seo sna míonna agus sna blianta amach romhainn.

Tá deacrachtaí amach roimh thurasóireacht na hÉireann, ach tá teacht aniar maith sa tionscal. Trí oibriú le chéile, táim muiníneach gur féidir linn dul i ngleic leis na dúshláin atá amach romhainn agus go dtiocfaimid chun cinn mar earnáil atá níos láidre sa todhchaí.

Ba mhaith liom béim a chur ar an tábhacht a chuireann Fáilte Ireland ar dhlúthchaidreamh a thógáil agus a chothabháil le gach earnáil den tionscal turasóireachta agus go háirithe, le comhlachtaí ionadaíocha an tionscail. Tá a dtacaíocht agus a gcuid oibre mar chuid an-tábhachtach i bhforbairt na turasóireachta.

Thar ceann Údaráis Fáilte Ireland, is mian liom comhbhrón a dhéanamh le muintir Shéamus Brennan T.D. a bhí ina Aire Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta ó Mheitheamh 2007. Léirigh an tAire Brennan meas agus suim i dtionscal na turasóireachta agus thug sé an-tacaíocht don tionscal le linn a thréimhse mar Aire. Is mian liom freisin aitheantas a thabhairt don té a chuaigh roimhe - John O'Donoghue T.D., as ucht a thacaíochta le linn na thréimhse a chaith sé in oifig.

Mar fhocal scoir, glacaim buíochas le Shaun Quinn agus lena fhoireann as a dtiomantas Turasóireacht na hÉireann a fhorbairt i rith 2007.

Gillian Bowler
Cathaoirleach

Teachtaireacht ó Redmond O'Donoghue An Cathaoirleach Nua



REDMOND O'DONOGHUE
AN CATHAOIRLEACH NUA

Tháinig téarma oifige Gillian Bowler, Uasal, mar Chathaoirleach ar an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta chun críche an 28 Bealtaine. D'iarr an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, Martin Cullen T.D., ar an Uasal Redmond O Donoghue a bheith mar Chathaoirleach ar an Údarás don tréimhse cúig bliana atá amach romhainn go dtí 27 Bealtaine 2013. Seo leanas teachtaireacht ghearr ón Uasal O Donoghue mar Chathaoirleach nua:

Is mór an onóir dom gur iarr an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, Martin Cullen T.D., orm a bheith mar Chathaoirleach ar an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta – Fáilte Ireland – sa tréimhse seo atá ríthábhachtach don Turasóireacht in Éirinn. Tá tréimhsí a bheidh thar a bheith dúshlánach i ndán do thionscal na turasóireachta in Éirinn, le moillú sa gheilleagar domhanda, arduithe i bpraghsanna ola agus iomaíocht atá ag dul i méid ó chinn scríbe turasóireachta eile. Ach bhí dúshlán ann don turasóireacht san am a caitheadh agus tháinig an tionscal as na gábha sin mar tionscal níos láidre agus mar thionscal níos buanseasmhaí. Níl amhras ar bith orm, agus sinn ag obair i gcomhar le chéile ach gur féidir linn a theacht tríd na dúshláin atá ann faoi láthair freisin.

Agus mé ag glacadh leis an ról mar Chathaoirleach ar Fáilte Ireland, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair iontach atá déanta ag Gillian Bowler le linn na céad cúig bliana d'Fáilte Ireland, ag forbairt na heagraíochta agus ag tacú le forbairt leanúnach na turasóireachta in Éirinn araon. Is onóir dom an deis a fháil le leanúint leis an obair a bhí á déanamh aici don turasóireacht in Éirinn.

Táim ag tnúth go mór le bheith ag obair leis an tionscal sa tréimhse cúig bliana atá amach romhainn de réir mar a leanfaimid ag tacú le forbairt agus le fás na turasóireachta in Éirinn anseo i Fáilte Ireland.

Redmond O'Donoghue
An Cathaoirleach Nua, Fáilte Ireland





Buaicphointí 2007

- D'fháiltigh Éirinn roimh 7.7 milliún cuairteoirí ó thar lear in 2007, ardú 4% ar 2006. Tháinig ardú 10% ar thuillimh ó mhalartú coigríche go dtí €4.9 billiún. Is ionann sin agus an séú bliain as a chéile inár tháinig fás ar thurasóireacht na hÉireann.
- Leanadh i 2007 leis an leathnú géar marthanach a bhain leis an margadh baile le blianta beaga anuas le hardú i líon na dturas saoire agus i gcaiteachas gaolmhar de 12% agus 18%, faoi seach. Meastar go bhfuil an caiteachas ó dhaoine as Éirinn ag caitheamh saoire sa bhaile os cionn €1 billiún.
- Faoi bPlean Forbartha Náisiúnta, fuair Fáilte Ireland €137 milliún go speisialta chun tacú le hinfheistíocht chaipitil trí raon beart nua. I ndiaidh glaoch ar mholtaí i rith 2007, fuair 130 tionscadal cabhair deontais de os cionn €11 milliún ar fad le fócas ar leith ar infrastruchtúr a bhaineann le turasóireacht a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt turasóireachta áitiúil.





- Thug ár dTionscnamh Turasóireachta Spóirt Idirnáisiúnta tacaíocht do 15 ócáid i rith na bliana le buiséad a bhí díreach os cionn €5 milliún. Ar na himeachtaí is tábhachtaí a bhí ar bun bhí an chéad rás rothaíochta 'Tour of Ireland' ar siúl ar fud 12 contae i rith mí Lúnasa 2007, agus bhí 'Rally Ireland', ócáid ollmhór thras-teorann a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leis, ar siúl san Iarthuaisceart agus craoladh i 150 tír timpeall an domhain é.
- Phróiseáil Fáilte Ireland os cionn 300 iarratas ar mhaoiniú i 2007 faoin Tionscnamh Imeachtaí Curtúrtha agus Féilte. Infheistíodh maoiniú de €4.4 milliún i 270 ócáid ar fad.

- Bhí an Cheardlann Trádála Taistil bhliantúil – Meitheal 2007 - ar siúl san RDS i mBaile Átha Cliath an 2 agus 3 Bealtaine. Tionóladh 12,000 cruinniú gnó le linn an dá lá a raibh an cheardlann ar siúl agus rinneadh ionadaíocht ar 30 margadh thar lear. Tugann an ócáid seo deiseanna maithe do thionscal turasóireachta na hÉireann casadh le hoibreoirí turais ó thar lear agus gnó a dhéanamh leo.
- Ba é téama Chomhdháil Náisiúnta Turasóireachta Fáilte Ireland 2007 ná '*Turasóireacht Agus An Comhshaol – Seasamh Reatha, Treochtaí Amach Anseo*' agus thug an imeacht na dushláin agus na deiseanna atá amach roimh thionscal turasóireachta na hÉireann chun suntais.





SHAUN QUINN
PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

FEIDHMÍOCHT NA TURASÓIREACHTA

Bhí feidhmíocht shásúil eile ag an tionscal turasóireachta i 2007, an séú bliain as a chéile ina raibh fás mór ó na margaí baile agus ó na margaí ó thar lear. Meastar gurbh ionann an líon cuairteoirí ó thar lear don bhliain agus 7.7 milliún, 4% níos mó ná 2006, agus dá bhrí sin rinne an tionscal níos fearr ná a gcuid príomhiomaitheoirí i dTuaisceart na hEorpa. D'ardaigh tuilleamh ó mhalartú coigríche go €4.9 billiún sa tréimhse chéanna.

Leanadh den leathnú géar marthanach a bhain leis an margadh baile le blianta beaga anuas i 2007 le méadú i líon na dturas agus i gcaiteachas gaolmhar de 12% agus 18%, faoi seach. Meastar go bhfuil an caiteachas ó dhaoine as Éirinn ag caitheamh saoire sa bhaile os cionn €1 billiún.

Ba léir an méadú foriomlán ar líon na gcuaireoirí ó thar lear ag leibhéal réigiúnach, cé gur bhain áiteanna ar leith sa tír níos mó leasa as ná a chéile. Bhí fás os cionn an mheáin san Iarthuaisceart, san Oirthear, san Oirthear agus Lár Tíre, agus san Iarthar. Tháinig méadú ar líon na dturasóirí ó thar lear i mBaile Átha Cliath agus san Iardheisceart chomh

maith, ach bhí laghdú i Réigiún na Sionainne cé go raibh feidhmíocht thar a bheith láidir ann in 2006.

Bhain an fás ba láidre ó thaobh cuairteoirí ó thar lear le Mórthír na hEorpa le méaduithe ar leith ón bhFrainc, ón Spáinn agus ó na tíortha Nordacha, maraon le fás maith ón Iodáil, ón nGearmáin agus ón Eilvéis. Leanann na margaí atá ag teacht chun cinn in Oirthear na hEorpa agus ón Eoraip Láir de bheith ag cruthú méaduithe shuntasacha. Bhí fás measartha ó Mheiriceá Thuaidh agus ó mhargaí eile i bhfad ó bhaile. Bhí líon na dturasóirí ón mBreatain síos beagán ar an mbliain seo caite.

D'fhan leibhéal shástachta na gcuaireoirí ard i 2007. Shíl 93% den lucht saoire go raibh an tsaoire cothrom leis nó níos fearr ná mar a bhí siad ag súil leis agus dúirt 98% go mholfaidís saoire in Éirinn dá dteaglaigh agus dá gcairde.

In ainneoin na táscairí dearfacha sin, is mó a aithnítear anois gur dócha go n-éireoidh an timpeallacht eacnamaíoch ina bhfuil an tionscal turasóireachta ag feidhmiú níos deacra sna blianta atá le teacht.




Cuireadh fáilte go hÉirinn roimh 7.7 milliún turasóir ó thar lear in 2007, ardú de 4% ar 2006. Is ionann é seo agus an séú bliain fáis as a chéile agus an bhliain ab fhearr riamh don turasóireacht.

Tá roinnt fachtóirí, cosúil le rátaí malartuithe, nach bhfuil smacht ag an tionscal orthu, ach d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar fheidhmíocht fhoriomlán sa ghearrtéarma go dtí an meántéarma. Tá fachtóirí eile a bhaineann le forbairt táirge, caighdeán cháilíochta, acmhainn bhainistíochta, forbairt scileanna, táirgiúlacht ghnó agus margaíocht, a bhfuil smacht ag fiontair thurasóireachta orthu agus is réimsí iad ina bhfuil neart deiseanna le haghaidh gnó a fheabhsú. Dhírigh pleananna oibre 2007 ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal réigiúnach ar na ceistanna sin agus bhí toradh maith astu.

TÁIRGÍ AGUS SEIRBHÍSÍ TURASÓIREACHTA

Cuireadh béim ar an ngéarghá a bhí le infheistíocht chaipitil leanúnach le gur féidir feabhas a chur ar raon agus ar chaighdeán an táirge turasóireachta agus ar na seirbhísí turasóireachta inár Straitéis Forbartha Táirge Turasóireachta 2007-2013 in Earrach 2007. Faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, a fógraíodh go gairid ina dhiaidh sin, fuair Fáilte Ireland €137 milliún go sonrach chun tacú le infheistíocht chaipitil trí raon beart nua.

Díríodh go speisialta i rith 2007 ar thacaíocht a thabhairt d'údaráis áitiúla agus do sholáthraithe lárnacha eile chun infrastuchtúr a bhaineann le turasóireacht agus áiseanna eile a mbíonn gá leo a fhorbairt chun tacú le forbairt turasóireachta ag leibhéal áitiúil. I ndiaidh glaoch ar mholtaí, fuair 130 tionscadal cabhair deontais de os cionn €11 million ar fad. Ba í an phríomhbhéim faoin gcéim sin den Straitéis ná infrastuchtúr bunúsach a leasú chun áiseanna siúlóide, rothaíochta, slatiascaireachta agus áiseanna bainistiú trá a fheabhsú.



Chomh maith leis sin eisíodh glaoch poiblí sna meáin i 2007 ag lorg moltaí d'infheistíocht i dtaitneamhachtaí do thurasóirí. Tá ciste de €70 milliún ar fad leithdháilte chun tacú le uasghrádú agus le athinfheistíocht i dtaitneamhachtaí móra, chun na Gáirdíní Móra a fhorbairt agus chun taitneamhachtaí íocónacha nua atá níos lú a fhorbairt. Bhí 560 nochtadh spéise mar thoradh ar an nglaoch do mholtaí – léiriú spreagúil ar an méid suime atá ag an bpobal maidir le hinfeistíocht a dhéanamh sa tionscal turasóirachta.

Cuireann ár straitéis táirge béim chomh maith ar an ról tábhachtach atá ag imeachtaí cultúrtha agus imeachtaí spóirt chun an raon de "rudáí le déanamh agus le feiceáil" a leathnú. I rith 2007, fuair an Tionscnamh Imeachtaí Curtúrtha agus Féilte os cionn 300 iarratas ar mhaoiniú. Tugadh tacaíocht do 270 ócáid trí infheistíocht de os cionn €4.4 milliún a sholáthar dá gcaiteachas margaíochta agus cláreagraithe.

Tar éis athbhreithnú a dhéanamh ar an gcéim dheireanach den Tionscnamh, leathadh amach cur chuige straitéiseach nua atá bunaithe ar thorthaí i rith 2007. Thug an cur chuige sin, inter alia, maoiniú ilbhliantúil ar fáil d'ócáidí cuí.

Thug ár dTionscnamh Turasóireachta Spóirt Idirnáisiúnta tacaíocht do 15 ócáid i rith na bliana le buiséad díreach os cionn €5 milliún. Ar na hócáidí ba thábhachtaí a bhí ar bun bhí an chéad rás rothaíochta 'Tour of Ireland' ar fud 12 contae ar siúl i rith mí Lúnasa 2007, agus bhí 'Rally Ireland', imeacht ollmhór thras-teorann a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint léi, ar siúl san Iarthuaisceart agus craoladh i 150 tír timpeall an domhain é.



CÁILÍOCHT AGUS CAIGHDEÁIN

Tugadh isteach córas rangaithe éigeantach d'óstáin agus do thithe aíochta i rith na bliana. D'oibrigh Fáilte Ireland i ndlúth-chomhpháirtíocht le Cónaidhm Óstáin na hÉireann (IHF) i bhforbairt agus i bhfeidhmiú an chórais nua a thugann do lucht saoire as Éirinn agus do chuairteoirí ó thar lear an t-eolas a theastaíonn uathu chun cinneadh eolasach a dhéanamh agus iad ag roghnú cóiríochta in Éirinn. Tá gach óstán agus teach aíochta rangaithe faoin scéim anois.

Baineadh amach dul chun cinn suntasach freisin i mbliana maidir le spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'fhiontair chun go nglacfaidís níos mó páirte i bpróiseas feabhais leanúnaigh faoi Optimus, ár gcreat sármhaitheasa gnó i dtionscal na turasóireachta. I rith na bliana, ghlac 2,400 fostaí páirt i gclár Optimus, a léiríonn go bhfuil méadú leanúnach ar an líon gnóthaí turasóireachta as Éirinn a chuimsíonn an cur chuige d'ardchaighdeán i leith bainistíochta. I mbliana, den chéad uair, bronnadh na trí leibhéal de Optimus ar ghnóthaí turasóireachta in Éirinn. Chomh maith leis sin, bhain dhá óstán mór le rá an Gradam Sármhaitheasa EFQM (European Federation of Quality Management) Leibhéal a Ceathair amach. Is dul chun cinn an-mhór é sin don earnáil.

TAIGHDE AGUS POLASAI

Rinne taighde Fáilte Ireland i 2007 monatóireacht ar threochtaí, binsemharcáil ar chaighdeán táirgí, tomhas ar fhostaíocht san earnáil, d'fhéach sé ar fhoinsí faisnéise agus riachtanais agus scrúdaigh

príomhshaincheisteanna forbartha. Tá torthaí an taighde le fáil sa tsraith foilseachán a eisíodh le bliain anuas, agus tá na sonraí maidir leis sin ar fáil ag www.failteireland.ie.

I measc na ngnáthphíosaí taighde a dhéantar bhí Suirbhéanna ar Óstáin agus ar Áitíochtaí Cóiríochta eile, an Suirbhé ar Dhearcaí na gCuairteoirí, an Suirbhé ar Thaistealaithe ó Thar Lear agus an Suirbhé ar Oilíúint agus Fostaíocht Turasóireachta. Tugann na suirbhéanna léargas thábhachtacha, cothrom le dáta ar an margadh. Chomh maith leis sin, rinneadh monatóireacht ar mheon an tionscail ó thaobh gnó i rith 2007 i gceithre Suirbhé Baraiméadar Turasóireachta.

I rith 2007, glacadh cinneadh chun an ghné anailíse polasaí dár bhfeidhm taighde a neartú. Is é an toradh a bhí air sin ná roinnt píosaí oibre taighde aonuaire, lena n-áirítear Staidéar Nuálaíochta, a scrúdaigh an poitéinseal do smaointeoireacht nua agus fhorbairt ar fud an tionscail. I measc na hoibre eile a bhí ar siúl bhí Anailís ar an Margadh Fostaíochta do Chócairí, Dearcaí Chuairteoirí i Leith Feirmeacha Gaoithe agus athbhreithniú ar an earnáil Béarla mar Theanga lasachta. Rinneadh athbhreithniú chomh maith ar an bpoitéinseal atá ag ár bpríomhtháirgí gníomhaíochta i roinnt margaí lárnacha thar lear, le béim ar leith ar aon bhac a d'fhéadfadh cosc a chur ar phoitéinseal na dtáirgí sin.

Mar gheall ar thábhacht na turasóireachta baile i 2007, rinneadh píosa anailíse ar leith san earnáil sin a scrúdaigh na treochtaí atá ag teacht chun cinn i bpróifílí lucht saoire agus i sástacht chustaiméirí.



TURASÓIREACHT AGUS AN COMHSHAOL

Chuir Fáilte Ireland béim bhreise ar thurasóireacht agus an comhshaol le linn 2007. I rith na bliana d'fhorbraíomar agus d'fhoilsíomar Plean Gnímh Comhshaoil 2007-2009, a leag amach príomhchuspóirí agus gníomhartha a bhain le cosaint an chomhshaoil agus le turasóireacht inbhuanaithe. Chun feidhmiú an Phlean Gnímh sin a threorú bhunaíomar Grúpa Comhairleach ar an gComhshaol a chas ar a chéile faoi dhó i rith 2007. Tugann an Grúpa Comhairleach ionadaithe le chéile ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, ó Fhuinneamh Inbhuanaithe Éireann, ón gComhairle Oidhreachta, ón Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, ó Fhoras na Mara, ó Chomhar – An Chomhairle Forbartha Inbhuanaithe agus ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

Tugadh obair ar Staidéar Féidearthachta a bhain le Tírdhreacha Álainne in Éirinn a Aithint chun críche i 2007 chomh maith. Cuireadh an doiciméad faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a chur go mór ansin leis an Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha a bhí beartaithe.

D'fhoilsigh Fáilte Ireland Treoirínte do Chosaint Bithéagsúlachta i dTurasóireacht chomh maith i gcomhar leis an bhFeachtas "Notice Nature", arna reáchtáil ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Lean Fáilte Ireland lena fheidhmeanna mar Chomhlacht Forordaithe sa bpróiseas pleanála a urscaoileadh i rith 2007. Sholáthraíomar ráitis mhionsonraithe faoin ullmhúchán a bhain le hocht bplean forbartha contae chomh maith le roinnt príomhiarratais phleanála.

Ba é téama Chomhdháil Náisiúnta Turasóireachta Fáilte Ireland ná '*Turasóireacht Agus An Comhshaol – Seasamh Reatha, Treochtaí Amach Anseo*' agus thug an ócáid na dúshláin agus na deiseanna atá amach roimh thionscal turasóireachta na Éireann chun suntais.

I bhforbairt den sórt céanna, reáchtáileadh tionscadal comhshaoil píolótach tábhachtach ar an EU Flower i 2007. Is scéim dámhachtana é seo arna maoiniú ag an gCoimisiún Eorpach agus a fhaigheann aitheantas i measc na mBallstát mar shiombail de chaighdeán comhshaoil den scoth. Is é an léiriú atá ann faoi láthair ná go bhfuil ag éirí go hiontach leis an tionscadal píolótach ar thurasóireacht agus go bhfuil an EU Flower oiriúnach d'oibreoirí cóiríochta turasóireachta. Ar na príomhbhuntaistí a bhaineann leis tá na héifeachtúlachtaí inmheánacha agus na coigiltis chostais a bhainfear amach, chomh maith leis an bpoitéinseal margaíochta atá léirithe ag dea-chleachtas comhshaoil i margaí tábhachtacha na hEorpa.

FORBAIRT RÉIGIÚNACH

Leis an méid is mó infheistíochta riamh ar bun, neartaíodh turasóireacht réigiúnach ag leibhéal náisiúnta de bharr na n-athruithe struchtúrtha a cuireadh i bhfeidhm sa dara leath de 2006. Tá ár mboird réigiúnacha nua ar fud na tíre ag feidhmiú go hiontach agus tá siad ag cur go mór le forbairt turasóireachta réigiúnach.

Réitigh gach Bord, agus iad ag obair le príomhgheallsealbhóirí an réigiúin sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus pobail, straitéis turasóireachta don tréimhse 2008 go dtí 2010. Tá gach straitéis á feidhmiú trí phlean oibríochta a



shonraíonn forbairt táirgí agus gníomhaíochtaí eile chomh maith le huirlis a chur ar fáil a thomhasann an dul chun cinn maidir le seachadadh éifeachtach Fáilte Ireland ag leibhéal réigiúnach.

Ceann de phríomhfhócais na mBord ar fad ná tógáil tionscadail chomhpháirtíochta láidre le geallsealbhoirí i ngach réigiún. Faightear sampla den cur chuige seo i réigiún Oirthir agus Lár Tíre, áit a bhfuil grúpa leis na príomhgeallsealbhoirí ag obair chun an táirge turasóireachta a fhorbairt agus a chur ar an margadh i lár na tíre, ag úsáid Abhainn na Sionna mar dhromlach san áit so-mhargaithe seo. Clúdaíonn an tionscnamh seo achar 30 ciliméadar ar chaon taobh d'Abhainn na Sionainne agus leathnaíonn sí thar 400 ciliméadar ó Beleek go Luimneach.

Tá béim leagtha ar fhorbairt agus ar mhargaíocht an táirge turasóireachta tuaithe i ngach straitéis réigiúnach. D'aithin gach réigiún réimsí fócais ina leith seo agus tá díbhinní le feicéail cheana féin: mar shampla, i Réigiún an Iardheiscirt, bronnadh an teideal *European Destinations of Excellence - Best Emerging Rural Tourism Destination 2007* ar Cheantar Chloch na Coillte i 2007, i gcomórtas a bhí maoinithe agus eagraithe ag Fáilte Ireland le tacaíocht ón Aontas Eorpach. Ba é aidhm an tionscnaimh na tionscnaimh mhargaíochta aitiúla atá dírithe ar oidhreacht chultúrtha, nádúrtha agus áitiúil a aithint, agus inbhuanaitheacht comhshaoil, cultúrtha agus sóisialta an cheantair a chinntiú chomh maith.

Cuireadh roinnt "tionscadail nuálaíochta" a forbraíodh i gcomhpháirtíocht leis an tionscnamh, i bhfeidhm ag leibhéal réigiúnach i rith 2007. Mar shampla, cuireadh tús le tionscadal 'Cool for Kids, Fun for Families' i Réigiún an Oirdheiscirt, a chlúdaigh Trá Mhór, Dún Mór agus Hook i gContae Port Láirge agus Loch

Garman, ag cur béime ar stádas an cheantair sin mar cheann scríbe a thacaíonn le teaghlaigh.

Chonaic gach réigiún méadú suntasach i ngníomhaíocht mhargaíochta i 2007. D'oibrigh gach clár margaíochta go comhuaineach le clár náisiúnta "Discover Ireland".

MARGAÍOCHT AGUS CUR CHUN CINN

Sa mhargadh baile, bhí feachtas nua "Discover Ireland – Right Here, Right Now" ar siúl i rith 2007, ag tosú le fógraí teilifíse agus raidió agus ag leanúint ar aghaidh le dianfheachtas preasa a bhí dírithe ar ócáidí, ar liostuithe agus ar fhógraíocht réigiúnach. Is cosúil gur éirigh go han-mhaith leis an bhfeachtas seo i leith feasacht a spreagadh agus áirithint turais a éascú. Ina leith seo, chuaigh an triú céim agus an chéim dheiridh athbhrandáilte agus athdeartha de www.discoverireland.ie, ina bhfuil na seacht láithreán gréasáin comhtháite, beo i mí Iúil.

Go hidirnáisiúnta, d'infheistíomar os cionn €3 milliún i margaíocht idirnáisiúnta ar na réigiúin faoi chlár "Super Regions". Rinne an clár seo, arna fheidhmiú ag Tourism Ireland nasc idir an Iarthuaisceart, an Iarthar agus an tSionainn le chéile mar "Réigiún Iarthar na hÉireann", an Iardheisceart agus an Oirdheisceart le chéile mar "Deisceart na hÉireann", agus Lárthíre Thoir agus Baile Átha Cliath le chéile faoi mheirge "Oirthear na hÉireann".



SCILEANNA DAOINE AGUS GNÓ A FHORBAIRT

Tá ag éirí i bhfad níos fearr le Clár Forbartha Bainistíochta Fáilte Ireland ná mar a bhíodhas ag súil leis agus chláraigh an líon is mó bainisteoirí sinsearach a riamh suas do chlár 2007/08. Agus sárchleachtas i gceannaireacht agus i mbainistíocht ar fáil dúinn, is léir gur meán iontach é an Clár seo do bhunaíochtaí rannpháirteacha chun tús iomaíochas a dhaingniú agus a choinneáil. Le tacaíocht ó Ollscoil Cornell, faigheann bainisteoirí turasóireachta sinsearach léargas ar na smaointe is nua-aimseartha ó thaobh margaíochta agus gnó de.

D'fhreastail os cionn 130 de lucht gairme acmhainní daonna ón tionscal turasóireachta agus ón tionscal fáilteachais ar an gcéad Chomhdháil Acmhainní Daonna Turasóireachta agus Fáilteachais eagraithe ag Fáilte Ireland i gcomhpháirtíocht le Bainistíocht Fáilteachas Skillnet. Thug an Chomhdháil aghaidh ar shaincheisteanna lenar áiríodh inniúlachtaí atá ag teacht chun cinn do bhainisteoirí acmhainní daonna agus bainistíocht feidhmíochta do bhainisteoirí turasóireachta agus fáilteachais.

Chuaigh os cionn 500 úinéir agus bainisteoir isteach i gceann de 27 Líonra Foghlama Turasóireachta a bhí ar siúl ar fud na tíre i 2007. Sa dara bhliain de chlár trí

bliana, chabhraigh na líonraí le rannpháirtithe tabhairt faoi na dúshláin a bhaineann le gnóthaí turasóireachta beaga a rith trí a bheith dírithe ar líonrú, ar phleanáil gnó agus ar mhargaíocht. Reáchtáladh comhdháil líonra ollmhór i Mí na Nollag do chomhaltaí líonra agus bhí os cionn 200 bainisteoir/úinéir Fhiontair Bheaga go dtí Mheánmhéide i láthair.

Reáchtáladh réimse ceardlanna eolais ar fud na tíre in 2007, lena n-áirítear:

- Ceardlann Bainistíochta Spá brabúsach leagtha amach le dul i ngleic le príomhdhúshláin atá ag baint le reáchtáil saoraidí sláinte agus folláine.
- Sraith de Sheimineáir Oiliúna Féilte a tionóladh i rith na bliana leagtha amach le tacaíocht a thabhairt d'eagraithe féilte le fócas ar leith ar ríomh-mhargaíochta.

Craoladh sraith teilifíse de sé chlár, "The Master's Apprentice" ar RTÉ i rith na bliana agus tharraing sé os cionn 228,000 lucht féachana. Cuimisiúnaithe ag Fáilte Ireland, thug an tsraith léiriú bríomhar agus dearfach ar scileanna, ar ghairmeacha agus ar an saol oibre a bhaineann leis an turasóireacht. Eisíodh bosca DVD den tsraith do 850 comhairleoir gairmthreorach i scoileanna dara leibhéal.



TACAÍOCHTAÍ GNÓ PRAITICIÚLA A SHOLÁTHAIR

Leathnaíodh an tSeirbhís Chomhairleach Ghnó i 2007 agus mar chuid di bhí roinnt ceardlann ar shaincheisteanna a tháinig chun cinn ónár seirbhís diaignóise gnó saindírithe. Reáchtáladh roinnt ceardlann speisialaithe ar ábhair ghnó ar nós pleanáil ghnó agus acmhainní daonna ar fud na réigiún agus d'fhreastail go leor úinéirí gnó agus bainisteoirí sinsearacha orthu.

Rinneadh píolótú in dhá réigiún ar chlár ríomhghnó agus ceardlainne, a dhírigh go sonrach ar dheiseanna margaíochta ar-líne a éascú d'oibritheoirí turasóireachta beaga ag deireadh na bliana 2007.

Dhírigh cláir Fáilte Ireland i 2007 ar thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt thionscail na turasóireachta. Éiríonn go maith leis na cláir mar gheall go ndéantar iad a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí ionadaíocha tionscail agus leis an tionscal go ginearálta. Mar fhocal scoir, mar sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na cumainn thionsclaíochta agus leis na comhlachtaí ionadaíocha as an tacaíocht leanúnach i rith na bliana. Táimid ag súil go mór le bheith ag obair libh arís i rith 2008.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin do dhianobair leanúnach mo chomhghleacaithe i Fáilte Ireland i rith 2007. Gan a dtacaíocht agus a dtiomantas, ní bheadh na cláir seo ar siúl.

Shaun Quinn
Príomhfheidhmeannach



Ráiteas Corparáideach

Rialachas Corparáideach.

Tacaíonn Fáilte Ireland leis na caighdeáin is airde de rialú corparáideach agus cleachtaíonn iad agus cloítear go sonrach le prionsabail agus treoirlínte infheidhmithe atá sainmhínithe sa *Chód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit*.

Acmhainní Daonna

Amhail an 31 Nollaig 2007, bhí foireann údairithe Fáilte Ireland comhdhéanta de 392.19 duine comhionann lánaimseartha.

Comhionannas

Is fostóir comhionannas deiseanna é Fáilte Ireland. Feidhmítear gach reachtaíocht chomhionannais chuí san eagraíocht.

Sábháilteacht, Sláinte agus Leas

Cosnaíodh folláine fostaithe agus oiliúnaithe na heagraíochta trí chloí go daingean le caighdeáin sláinte agus sábháilteachta. Tá an tÚdarás sásta go mbaineann an chuideachta forálacha an *Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989* agus a athsholáthar an *tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005*, amach.

Saoráil Faisnéise

Sa tréimhse atá faoi athbhreithniú, fuair Fáilte Ireland 10 iarratas faoin reachtaíocht um *Saoráil Faisnéise*.



Gníomhaíocht Oiliúna 2007 agus 2006

	2007	2006
Cláir Scileanna Fáilte Ireland	2,235	2,158
Cláir Cholaíste-Bhunaidh	2,087	2,349
Cláir Thionscail-Bhunaidh	5,705	5,413
Mór Iomlán	10,027	9,920

Comhaltaí an Údaráis 2007



GILLIAN BOWLER



MAUREEN CAIRNDUFF



DOMINIC DILLANE



BRIAN DOWLING



JOHN McDONNELL



NOEL MCGINLEY



RICHARD BOURKE

Struchtúr Rannach Nollaig 2007

Shaun Quinn
Príomhfheidhmeannach

Deirdre O' Keeffe
Seirbhísí Tacaíochta
Gnó

Barry O' Reilly
Lár-Sheirbhísí

John Concannon
Forbairt Réigiúnach

Donal Guilfoyle
Lár-Sheirbhísí
Margaíochta

Aidan Pender
Polasaí & Forbairt
Tionscail

Kevin Moriarty
Tacaíocht Fiontraíochta
& Bainistíochta

Paul Keeley
Forbairt Táirgí & Margaí

Ciaran Tuite
Forbairt Táirgí

Tinreamh na gComhaltaí ag Cruinnithe Údaráis i 2007

Thionóil an tÚdarás naoi gcrúinniú i rith 2007.

COMHALTA	IOMLÁN	COMHALTA	IOMLÁN
Gillian Bowler	8	Noel O'Callaghan*	0
Richard Bourke	8	Pádraig Ó Céidigh	4
Maureen Cairnduff	8	Patrick O'Donoghue	6
Dominic Dillane	9	Páidí Ó Sé	6
Brian Dowling	9	Catherine Reilly	8
John McDonnell	6	Eithne Scott-Lennon	7
Noel McGinley	8		

*Nóta: D'éirigh Noel O'Callaghan as a phost i Nollaig 2007 agus ceapadh Brian Hughes ina áit.



BRIAN HUGHES



PÁDRAIG Ó CÉIDIGH



PATRICK O'DONOGHUE



PÁIDÍ Ó SÉ



CATHERINE REILLY



EITHNE SCOTT-LENNON

Denis Kelly
Forbairt Acmhainní
Daonna

Deborah Nolan
Airgeadas &
Bainistiú Riosca

Tony Donegan
Cumarsáid

Joe Palmer
An Oirdheisceart

Fiona Buckley
An Iardheisceart

Kevin Kidney
An Oirthear & Lár Tíre

Paul McLoone
An Iarthuaisceart

Fiona Monaghan
An tIarthar

John Mulcahy
Forbartha Oideachais &
Scileanna

Tony Lenehan
Caighdeán &
Cáilíocht Thionscail

Brian Maher
Taighde Straitéiseach
Pleanáil & Polasáí

John Rafferty
Margaíocht ar Tháirgí

Líon Turasóirí agus Ioncam 2007

		2003	2004	2005	2006	2007
An Bhreatain	Nos (000s)	3,553	3,526	3,640	3,821	3,776
	Rev (€mn)	1,319.1	1,276.1	1,274.2	1,372.4	1,387.3
Mórhíir na hEorpa	Nos (000s)	1,484	1,582	1,903	2,252	2,577
	Rev (€mn)	885.1	930.4	1,238.6	1,354.5	1,404.7
<i>An Ghearmáin</i>	<i>Nos (000s)</i>	<i>302</i>	<i>298</i>	<i>402</i>	<i>417</i>	<i>436</i>
	<i>Rev (€mn)</i>	<i>184.3</i>	<i>177.4</i>	<i>237.7</i>	<i>244.6</i>	<i>234.5</i>
<i>An Fhrainc</i>	<i>Nos (000s)</i>	<i>321</i>	<i>297</i>	<i>310</i>	<i>360</i>	<i>394</i>
	<i>Rev (€mn)</i>	<i>147.1</i>	<i>158.3</i>	<i>176.3</i>	<i>199.1</i>	<i>200.3</i>
An Iodáil	Nos (000s)	176	186	190	248	265
	Rev (€mn)	120.9	119.0	124.3	149.4	168.9
<i>An Ísiltír</i>	<i>Nos (000s)</i>	<i>146</i>	<i>151</i>	<i>157</i>	<i>155</i>	<i>155</i>
	<i>Rev (€mn)</i>	<i>78.1</i>	<i>69.4</i>	<i>80.4</i>	<i>70.8</i>	<i>71.6</i>
<i>Tíortha Eile San Eoraip</i>	<i>Nos (000s)</i>	<i>539</i>	<i>650</i>	<i>844</i>	<i>1,072</i>	<i>1,327</i>
	<i>Rev (€mn)</i>	<i>354.7</i>	<i>406.3</i>	<i>619.4</i>	<i>690.6</i>	<i>729.4</i>
Meiriceá Thuaidh	Nos (000s)	892	956	937	1,034	1,071
	Rev (€mn)	787.2	772.1	738.2	815.1	823.3
Tíortha Eile Thar Lear	Nos (000s)	249	320	284	310	316
	Rev (€mn)	236.4	256.3	235.9	267.1	329.3
IOMLÁN THAR LEAR	Nos (000s)	6,178	6,384	6,763	7,417	7,739
	Rev (€mn)	3,227.7	3,234.9	3,486.9	3,809.0	3,944.6
Tuaisceart Éireann	Nos (000s)	586	569	570	585	593
	Rev (€mn)	175.5	174.1	178.8	190.8	202.8
Iomlán Lasmuigh den Stát	Nos (000s)	6,764	6,953	7,333	8,002	8,332
	Rev (€mn)	3,403.2	3,409.0	3,665.7	3,999.8	4,147.4
Cuairteanna Aon Lae Thar Lear	Rev (€mn)	20.8	22.0	23.3	30.3	28.6
Fáltais Iompróirí	(€mn)	633.0	634.0	583.0	663.0	726.0
MALARTÚ COIGRÍCHE IOMLÁN	(€mn)	4,057.0	4,065.0	4,272.0	4,693.0	4,902.0
Turais Bhaile	Nos (000s)	6,657	7,001	7,173	7,310	7,942
	Rev (€mn)	970.9	1,037.2	1,164.5	1,375.2	1,551.0
IONCAM TURASÓIREACHTA IOMLÁN (€mn)		5,027.9	5,102.2	5,436.5	6,068.2	6,453.0

Foinse: CSO/Fáilte Ireland/NITB

Tá suirbhéanna foinse deartha le réimse na grúpála cónaithe a thomhas (figiúirí láidre). Leiríonn na figiúirí atá i gcló iodálach neasmhéid foriomlán an mhargaidh ach ní sholáthraíonn siad leibhéal dóthanach cruinnis le méid ná le treochtaí iomlán an mhargaidh a léiriú go cruinn thar imeacht ama.

Tabhair ar aird: Go bhfuil na meastacháin bhliantúla do mhargáí atá níos lú faoi réir ag leibhéal muiníne staitistiúil atá níos ísle.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007

21



Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Éilíonn Alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003 ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú ar bhealach a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais. Agus an tÚdarás ag ullmhú na ráitis airgeadais sin éilítear air:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhonn seasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh Fáilte Ireland ag feidhmiú;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh nó a mhíniú.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 27 den Acht. Tá an tÚdarás freagrach as sócmhainní Fáilte Ireland a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a ghlacadh le cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile agus iad a aimsiú.



Gillian Bowler, Cathaoirleach



Richard Bourke, Comhalta an Údaráis

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 iniúchta agam faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmháidh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an Ghrúpa, Ráiteas Gnóthachan agus Cailteanas Aitheanta Iomlán an Ghrúpa, Clár Comhardaithe an Ghrúpa, Clár Comhardaithe an Údaráis, Ráiteas ar Shreabhadh Airgid an Ghrúpa agus na nótaí gaolmhara.

FREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS AGUS AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE FAOI SEACH

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an tÚdarás na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Údaráis leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Údaráis.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnte. Lena chois sin, deirim cibé an dtugann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le feachaint an léirithe ann gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtugann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtugann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíríteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

AN BUNÚS ATÁ LE MO THUAIRIM AR NA RÁITIS

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le feachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Údaráis, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhríaltacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

TUAIRIM

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Údaráis agus an Ghrúpa ag 31 Nollaig 2007 agus ar ioncam agus ar chaiteachas an Ghrúpa don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnte ag an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

John Buckley
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
Samhain 2008

Ráiteas Faoi gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Thar ceann Chomhaltaí an Údaráis aithním ár bhfreagracht i leith a chinntiú go ndéanfaí cothabháil agus go n-oibreofaí córas rialaithe airgeadais inmheánaigh éifeachtach. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú críochnaitheach a chur ar fáil go ndéanfaí cosaint ar shócmhainní, go bhfuil idirbheartaíochtaí údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go gcuirtear cosc ar earráidí ábhartha nó ar neamhrialtachtaí nó go n-aimseofaí iad i dtréimhse chaoithiúil.

Tá céimeanna glactha ag an Údarás lena chinntiú go mbeidh timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus lena chinntiú go dtógtar gníomh cuí chun an cheist a cheartú.

Tugadh faoi phroiseas foirmiúil an riosca gnó a aithint, a mheas, a mhaolú agus a bhainistiú agus áirítear ann:

- na cineálacha rioscaí a aithint
- an dóigh go dtarlódh siad
- na himpleachtaí airgid nó eile
- na fachtóirí maolaithe
- pleananna chun na rioscaí aitheanta a bhainistiú
- monatóireacht agus tuairisciú ar an bpróiseas

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat oibre eolais bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a roinnt, agus córas toscaireachta agus cuntasáíochta. Áirítear leis go háirithe:

- Pleananna straitéiseacha agus buiséid bhliantúla a cheadaíonn an tÚdarás.
- Tuarascálacha buiséid ardleibhéil a dhéanann athbhreithniú ar fheidhmíocht in aghaidh buiséid a ndéantar athbhreithniú orthu ag gach cruinniú de chuid an Údaráis.
- Coiste Beartais Airgeadais ar a bhfuil Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóirí chomh maith leis an gCeann Airgeadais, a thagann le chéile go míosúil le hiniúchadh a dhéanamh ar fheidhmíocht in aghaidh buiséid agus plé a dhéanamh ar shaincheisteanna airgeadais a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht.

- Feidhm Iniúchta Inmheánaigh a dhéanann monatóireacht ar chomhlíonadh pholasaithe agus nósanna imeachta agus éifeachtacht rialaithe inmheánacha laistigh den eagraíocht. Tuairiscíonn an t-iniúcháir inmheánach chuig Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Bainistiú Riosca.
- Feidhm fheidhmiúcháin Bhainistiú Riosca a dhéanann monatóireacht ar dhul chun cinn na heagraíochta maidir le riosca aitheanta sa Chlár Riosca agus tuairisciú chuig an bhfeidhmeannas.
- Coiste Iniúchta agus Bainistiú Riosca, a thuairiscíonn chuig an Údarás, ar a bhfuil triúr stiúrthóirí neamhfheidhmeannacha agus a chas le chéile sé huair i 2007 chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí an Iniúcháir Inmheánaigh agus ar an gClár Riosca.

Chuidigh obair an iniúcháir inmheánaigh leis an monatóireacht agus leis an athbhreithniú a rinne an tÚdarás ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh chomh maith le hobair an Choiste Iniúchta a bhreathnaigh i ndiaidh obair an iniúcháir inmheánaigh, agus na bainisteoirí feidhmeannacha laistigh de Fáilte Ireland atá freagrach as an gcreat oibre rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Dearbhaím, maidir leis an mbliain 31 Nollaig 2007, go ndearnadh an tÚdarás éifeachtúlacht an chórais imheánaigh airgeadais a athbhreithniú.



Gillian Bowler, Cathaoirleach

Beartais Chuntasaíochta

Is iad seo a leanas na beartais chuntasaíochta suntasacha a glacadh leo sna ráitis airgeadais seo:-

GNÁS CUNTASAÍOCHTA

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn fabhráithe faoi chomhghnás an chostais stairiúil, seachas Deontais Oireachtais - mar atá tugtha le fios thíos agus de réir phrionsabail chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo. Glactar le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá molta ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar is infheidhme dóibh.

BONN AN CHOMHDHLÚTHAITHE

Áirítear ráitis airgeadais an Údaráis agus a fhochuideachtaí (féach Nóta 12) ar na ráitis airgeadais comhdhlúite. Fágтар iarmhéideanna agus idirbheartaíochtaí laistigh den ghrúpa as an áireamh in ullmhúchán na ráitis airgeadais comhdhlúite.

DEONTAIS OIREACHTAIS

Is léiriú iad na deontais sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar na suimeanna a fuarthas sa tréimhse sin.

DEONTAIS INÍOCHTA

Aithnítear caiteachas sa tréimhse ina ndearna an faighteoir an ghníomhaíocht dheontais a cháilíonn do thacaíocht deontais agus nuair a chloítear leis na coinníollacha deontais atá leagtha síos.

AIRGEADRA COIGRÍCHE

Déantar idirbheartaíochtaí a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche a aistriú go euro ag ráta caighdeánach le linn na bliana. Déantar gnóthachain malartaithe réadaithe agus caillteanais ar idirbheartaíochtaí a réitíodh le linn na bliana a chur san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain.

Áirítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe agus cuirtear gnóthachain agus caillteanais mar thoradh air san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain.

SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE AGUS DÍMHEAS

Luaitear sócmhainní seasta inlámhsithe ag costas lúide dímhéas carntha. Ríomhtar dímhéas a chuirtear chun dochair don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais le costas sócmhainní seasta thar a shaol úsáideach a dhíscríobh ag na rátaí bliantúla atá leagtha amach thíos:

Talamh	0%	
Áitrimh	2%	Líne Dhíreach
Trealamh Ríomhaireachta	33⅓%	Líne Dhíreach
Troscán & Fearais	20%, 12.5%	
	& 10%	Líne Dhíreach
Múnla de Rothra Iarnróid	20%	Líne Dhíreach
Trealamh Oiliúna	20%	Líne Dhíreach
Mótarfheithiclí	20%	Líne Dhíreach

Ní bhaineann díluachadh don Troscán Ársa atá ar Taispeáint mar nach laghdaíonn a luach le himeacht ama.

SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA

Cuimsíonn sócmhainní infheistíochta talamh agus foirgnimh nach bhfuil orthu ach luach taitneamhachta amháin agus a luaitear ag luach stairiúil.

SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

Áirítear gach sócmhainn airgeadais ag luach ainmniúil.

LÉASANNA OIBRÍOCHTA

Déileáiltear le híocaíochtaí faoi léasanna oibríochta sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais mar a thabhaítear iad.

CUNTAS CAIPITIL

